COMHDHÁIL MAIDIR LE hAONTACHAS
LEIS AN AONTAS EORPACH
– MONTAINÉAGRÓ–

**An Bhruiséil, 15 Nollaig 2025**
**(OR. en)**

**AD 22/25**

**LIMITE**

**CONF-ME 9**

PUBLIC

**DOICIMÉAD AONTACHAIS**

Ábhar: COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH
- Caibidil 11: Talmhaíocht agus forbairt tuaithe

## COMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH

PUBLIC

**Caibidil Chaibidlíochta 11: Talmhaíocht agus Forbairt Tuaithe**

Tá an seasamh seo ón Aontas Eorpach bunaithe ar an seasamh ginearálta uaidh le haghaidh na Comhdhála Aontachais le Montainéagró (AD 23/12 CONF-ME 2/12) agus tá sé faoi réir na bprionsabal caibidlíochta a fhormhuinítear ann, go háirithe na prionsabail seo a leanas:

- aon tuairim a chuirfidh ceachtar páirtí in iúl maidir le haon chaibidil den chaibidlíocht, ní dhéanfaidh sí réamhbhreith ar an seasamh a d'fhéadfaí a ghlacadh maidir leis na caibidlí eile;

- na comhaontuithe sin a dtiocfar orthu i gcaitheamh na caibidlíochta ar na caibidlí a ndéanfar scrúdú orthu i ndiaidh a chéile – fiú mura bhfuil iontu ach páirt-chomhaontuithe – ní fhéadfar a mheas gur comhaontuithe críochnaitheacha iad go dtí go mbunófar comhaontú foriomlán.

- na riachtanais a leagtar amach i bpointí 24, 28, 41 agus 44 den Chreat Caibidlíochta.

Molann an tAontas do Mhontainéagró leanúint den phróiseas ailínithe le acquis an Aontais agus a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú éifeachtach a áirithiú faoi thráth an aontachais, go háirithe a mhéid a bhaineann le hoibríochtú na gníomhaireachta íocaíochta agus an Chórais Chomhtháite Riaracháin agus Rialúcháin (CCRR), agus beartais agus ionstraimí a fhorbairt roimh an aontachas a bheidh chomh gar agus is féidir do bheartais agus ionstraimí an Aontais, agus tugann sé dá aire go bhféadfadh acquis breise teacht i bhfeidhm roimh an aontachas.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 2/16 CONF-ME 2 agus AD 19/25 CONF-ME 6 uaidh, an acquis faoi chaibidil 11 mar atá i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2025, agus go ndearbhaíonn sé go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach, agus é ag cur roinnt iarrataí ar bhearta agus maoluithe idirthréimhseacha chun tosaigh ag an am céanna.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go mbeidh úsáid cheart, rialú, faireachán agus meastóireacht ar chúnamh an Aontais le linn na tréimhse réamhaontachais ina príomhtháscaire maidir le cumas Mhontainéagró an *acquis* rialaithe airgeadais a chur chun feidhme i ndáil leis an gcaibidil chaibidlíochta sin.

Mar fhreagairt fhoriomlán ar iarrataí Mhontainéagró ar idirthréimhsí, meabhraítear don Aontas a sheasamh ginearálta caibidlíochta, is é sin go bhfuil bearta idirthréimhseacha eisceachtúil, teoranta ó thaobh ama agus raon feidhme de, agus go bhfuil plean ag gabháil leo ina sainítear go soiléir céimeanna chun *acquis* an Aontais a chur i bhfeidhm. Ní fhéadfaidh leasuithe ar rialacha ná ar bheartais an Aontais a bheith i gceist leo, ní fhéadfaidh siad cur isteach ar a bhfeidhmiú cuí, ná ní fhéadfar saobhadh suntasach iomaíochta a bheith mar thoradh orthu.

Measann an tAontas gur cheart a shonrú san Ionstraim Aontachais go bhféadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na hoiriúnuithe a dhéanamh ar na forálacha den Ionstraim Aontachais a bhaineann leis an gComhbheartas Talmhaíochta a d'fhéadfadh a bheith riachtanach mar thoradh ar mhodhnú ar rialacha an Aontais. D'fhéadfadh oiriúnuithe den sórt sin a bheith déanta roimh dháta an aontachais.

Measann an tAontas gur cheart foráil a dhéanamh leis an Ionstraim Aontachais le haghaidh na mbunús dlí is gá chun bearta idirthréimhseacha a ghlacadh faoi na coinníollacha thíos.

PUBLIC

I gcás inar gá bearta idirthréimhseacha chun an t-aistriú a éascú ón gcóras atá ann cheana i Montainéagró go dtí an córas a thiocfaidh as cur i bhfeidhm an Chomhbheartais Talmhaíochta faoi na coinníollacha a leagtar amach sna ranna talmhaíochta den Ionstraim Aontachais, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta coiste ábhartha. Ba cheart é a bheith indéanta na bearta sin a ghlacadh le linn tréimhse trí bliana tar éis dháta an aontachais agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin. Ach ba cheart foráil a dhéanamh go bhféadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an tréimhse sin a fhadú.

I gcás go mbaineann na bearta idirthréimhseacha le cur chun feidhme na n-ionstraimí maidir leis an gComhbheartas Talmhaíochta nach bhfuil sonraithe san Ionstraim Aontachais, agus atá riachtanach de thoradh an aontachais, glacfaidh an Chomhairle iad roimh dháta an aontachais ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún nó, nuair a dhéanann siad difear d'ionstraimí arna nglacadh i dtosach ag an gCoimisiún, is é an Coimisiún a ghlacfaidh iad i gcomhréir leis na nósanna imeachta is gá chun na hionstraimí atá i gceist a ghlacadh.

Tá feidhm dhíreach ag an gcuid is mó den *acquis* i réimse na talmhaíochta agus na forbartha tuaithe ón aontachas i leith agus ní gá é a thrasuí dá bhrí sin. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir, áfach, go bhfuil cumas Mhontainéagró an *acquis* a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ríthábhachtach. Chun cur chun feidhme rianúil CBT a áirithiú tráth an aontachais, ní mór do Mhontainéagró a léiriú, luath go leor roimh an aontachas, go bhfuil an acmhainneacht riaracháin aige chun an *acquis* a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go héifeachtach. Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró leanúint dá iarrachtaí an *acquis* faoi chaibidil 11 a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú go hiomlán ar bhealach lena n-áiritheofar go gcuirfear i bhfeidhm go héifeachtach agus go héifeachtúil é le coimircí láidre i gcoinne an éillithe. I bhfianaise an mhéid sin, déanfaidh an tAontas dlúthfhaireachán ar an dul chun cinn maidir leis an bplean cur chun feidhme a chur i gcrích chun an Ghníomhaireacht Íocaíochta a bhunú, chomh maith le córas comhtháite riaracháin agus rialaithe (CCRR) a bhunú, i gcomhréir leis an amchlár a ghabhann leis arna sholáthar ag Montainéagró.



PUBLIC

**Saincheisteanna Cothrománacha**

Tugann an tAontas dá aire gur lean Montainéagró dá reachtaíocht a ailíniú le *acquis* an Aontais, lena n- áirítear tríd an Dlí maidir le Bearta an Bheartais Talmhaíochta, an Bheartais Forbartha Tuaithe agus an Bheartais Iascaigh a Chur Chun Feidhme a ghlacadh an 31 Iúil 2025 lena sainítear stádas dlíthiúil, sainordú agus struchtúr eagraíochtúil na gníomhaireachta íocaíochta.

Is é an dlí maidir le talmhaíocht agus forbairt tuaithe bunús dlí bheartas talmhaíochta Mhontainéagró. Rialaítear leis gach saincheist a bhaineann le forbairt agus spriocanna an bheartais talmhaíochta, lena n- áirítear tacaíocht don earnáil agus dá coinníollacha, dá cláir agus dá taifid. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe leasuithe ar an dlí lena mbeidh sé ailínithe a thuilleadh le *acquis* an Aontais a ghlacadh faoi dheireadh 2025.

Tugann an tAontas dá aire go mbeidh gníomhaireacht íocaíochta amháin ag Montainéagró don talmhaíocht, don fhorbairt tuaithe agus don iascach agus go bhfuil reacht glactha aige maidir lena struchtúr inmheánach agus lena aicmiú post. Tá 6 oifig réigiúnacha beartaithe, agus tá ceann de na hoifigí sin ag feidhmiú cheana féin.

Tugann an tAontas dá aire freisin gur ghlac Montainéagró plean cur chun feidhme chun an ghníomhaireacht íocaíochta a bhunú agus chun Córas Comhtháite Riaracháin agus Rialúcháin (CCRR) a bhunú, i gcomhréir leis na tagarmharcanna deiridh a leagtar amach sa chomhsheasamh ón Aontas (AD 27/16 CONF-ME 13).

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé beartaithe ag Montainéagró gníomhaireacht íocaíochta lánfheidhmiúil agus CCRR a bheith réidh ó lá an aontachais. Sa phlean cur chun feidhme, tá straitéis mhionsonraithe forbartha ag Montainéagró ina leagtar amach go soiléir na cúraimí agus na gníomhaíochtaí uile atá le déanamh agus le tabhairt chun críche sa tréimhse roimh an aontachas. Tacaítear leis an bplean sin le tiomantas láidir a acmhainneacht riaracháin a neartú go leanúnach, agus na riachtanais bhuiséadacha sainithe go soiléir. Déanfaidh an tAontas faireachán ar na gníomhaíochtaí a dhéanfaidh Montainéagró chun an plean cur chun feidhme a leanúint agus chun a amlíne a urramú.

Tugann an tAontas dá aire gur bunaíodh gnéithe de Chóras Comhtháite Riaracháin agus Rialúcháin (CCRR). Tá gá le huasghráduithe breise agus gnéithe nua chun ailíniú iomlán le Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a bhaint amach. Tá Córas Aitheantais Mhontainéagró le haghaidh Dáileachtaí Talún, ar cuireadh tús lena fhorbairt in 2018, á fhorbairt a thuilleadh le huasghrádú atá ar na bacáin agus le léarscáileanna nua ortagrafacha digiteacha a bheith á bhfáil don chríoch ar fad. Meabhraítear don Aontas go mbunófar Córas Faireacháin Limistéir faoi thráth an aontachais i gcomhréir leis an bplean cur chun feidhme.

Molann an tAontas an méid atá bainte amach ag Montainéagró maidir le hionstraim an Aontais um chúnamh réamhaontachais don talmhaíocht agus don fhorbairt tuaithe (IPARD) a chur chun feidhme, ionstraim atá ar siúl sa tír ó 2018 i leith, agus molann sé do Mhontainéagró cur leis sin chun an acmhainneacht riaracháin is gá a áirithiú chun beartas forbartha tuaithe an Aontais a chur chun feidhme tráth an aontachais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur réamhchoinníoll é cur chun feidhme iomlán cheanglais an Aontais sa réimse sin agus an acmhainneacht rialúcháin chun na bearta forbartha tuaithe atá incháilithe do thacaíocht ón Aontas tar éis an aontachais a chur i bhfeidhm.

Tugann an tAontas dá aire freisin go bhfuil dul chun cinn leordhóthanach léirithe ag Montainéagró i dtreo na gníomhaireachta íocaíochta agus CCRR a bhunú, lena n- áirítear an Córas Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún, agus go bhfuil Montainéagró go hiomlán i mbun na gcéimeanna uile a chomhlíonadh chun gníomhaireacht íocaíochta lánfheidhmiúil agus CCRR a áirithiú faoi lá an aontachais. Tá an tAontas ag súil go leanfaidh Montainéagró dá iarrachtaí chun a áirithiú go mbeidh na córais bhainistíochta agus rialaithe le haghaidh caiteachas faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) lánfheidhmiúil ó dháta aontachais Mhontainéagró leis an Aontas, ar a dhéanaí, chun a áirithiú nach ndéanfar íocaíochtaí ach le tairbhithe dlisteanacha.

Tugann an tAontas dá aire go ndéanfaidh sé dlúthfhaireachán ar dhul chun cinn Mhontainéagró ina leith sin sa tréimhse atá romhainn agus go bhféadfaidh sé forálacha coimirce iomchuí a mholadh a chuirfear san áireamh sa Chonradh Aontachais chun leasanna airgeadais an Aontais a chosaint.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró nach measann sé go mbeidh fadhbanna ann leis an gcóras bainistíochta comhroinnte airgeadais a chur i bhfeidhm ná maidir le ceanglais an Aontais a chomhlíonadh a mhéid a bhaineann le stóráil phoiblí agus smacht buiséadach.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir leis an **Líonra Sonraí um Inbhuanaitheacht Feirme (LSIF)**. Leanfar den reachtaíocht a thabhairt cothrom le dáta a thuilleadh chun go mbeidh sí i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/2674 agus le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2746 ón gCoimisiún. Tugann an tAontas dá aire go bhfuil an Aireacht Talmhaíochta, Foraoiseachta agus Bainistíochta Uisce (MAFWM), trína Roinn um Anailís Eacnamaíoch agus Margadh, freagrach as córas LSIF agus go ndéanann na seirbhísí sínidh sonraí a bhailiú. Tugann an tAontas dá aire go leanfar den chóras a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear é a leathnú chun sonraí comhshaoil agus sóisialta a chuimsiú i gcomhréir le *acquis* an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire an fhaisnéis a chuir Montainéagró ar fáil maidir le **sásraí trádála agus bearta bainistithe margaidh** a chur chun feidhme mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Tugann an tAontas dá aire go mbeidh feidhm ag an *acquis* maidir leis na bearta sin maidir le Montainéagró ó dháta a aontachais leis an Aontas agus leagann sé béim ar a thábhachtaí atá sé go n-áiritheodh Montainéagró go mbeidh na struchtúir riaracháin is gá aige chun an *acquis* a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú sa réimse sin.

Cuireann an tAontas i bhfios go láidir go meastar go ndéanfaidh Montainéagró ailíniú le *acquis* an Aontais maidir le slabhra an tsoláthair agraibhia ionas go ndéanfaidh sé, faoi dháta an aontachais ar a dhéanaí, Treoir (AE) 2019/633 maidir le cleachtais éagóracha trádála a thrasuí go hiomlán sa dlí náisiúnta. Chuige sin, is gá reachtaíocht a ghlacadh lena n-áiritheofar íosleibhéal cosanta na Treorach do sholáthróirí ar a laghad, agus lena n-ainmneofar údarás (nó údaráis) forfheidhmithe inniúil ag a mbeidh na cumhachtaí a leagtar amach sa Treoir, is é sin, gearáin a fháil agus a imscrúdú (lena n-áirítear rúndacht a cheadú), gníomhú *ex officio*, faisnéis a éileamh, cigireachtaí a dhéanamh, scor de sháruithe a ordú, agus smachtbhannaí éifeachtacha comhréireacha athchomhairleacha a fhorchur. Ba cheart do Mhontainéagró comhar a áirithiú le húdaráis ábhartha eile de chuid an Aontais freisin sna Ballstáit sin a fhorfheidhmíonn an Treoir maidir le cleachtais éagóracha trádála, gníomhaíochtaí múscailte feasachta a reáchtáil do sholáthróirí agus do cheannaitheoirí, agus socruithe a chur i bhfeidhm maidir le faireachán agus tuairisciú ionas go mbeidh an creat ag feidhmiú go hiomlán ar an gcéad lá ballraíochta.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire gur iarr Montainéagró go mbeadh sé de cheart aige **bearta coimirce** a chur i bhfeidhm i gcás mórshuaitheadh sa mhargadh a d'fhéadfadh tarlú tar éis aontachas leis an Aontas. Measann an tAontas gur cheart aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin ar bhealach atá cosúil leis an mbealach a cuireadh i bhfeidhm i méadú 2013 (Airteagal 37 den Ghníomh Aontachais leis an gCróit).

Tugann an tAontas dá aire go mbunóidh Montainéagró an bunús dlí chun na rialacha maidir le **státchabhair** sa talmhaíocht agus an córas tuairiscithe don Choimisiún Eorpach maidir le státchabhair a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le *acquis* an Aontais, faoi dháta an aontachais. Cuireann an tAontas i bhfios go láidir nach mór gach beart státchabhrach i réimse na talmhaíochta a thabhairt i gcomhréir leis an *acquis* tráth an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire go n-iarrann Montainéagró go bhféadfaí leanúint de chabhair a dheonú, a cuireadh i bhfeidhm roimh an aontachas, le linn idirthréimhse a mhairfeadh 3 bliana ó dháta an aontachais faoi stádas na cabhrach atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE. Tá dhá scéim Státchabhrach sainaitheanta ag Montainéagró chun bainne amh a tháirgeadh agus chun bainne a phróiseáil ar an bhfeirm.

Chun cabhair a aicmiú tráth an aontachais mar chabhair atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 1(b) de Rialachán (AE) 2015/1589 ón gComhairle agus chun forléargas a fháil ar an státchabhair uile is infheidhme i Montainéagró, measann an tAontas gur cheart foráil a dhéanamh san Ionstraim Aontachais go dtabharfaidh Montainéagró, roimh dháta an aontachais, faisnéis mhionsonraithe maidir leis na bearta státchabhrach uile a mheasfar a bheith ina gcabhair atá ann cheana. Measann an tAontas freisin gur cheart an clásal sonrach seo a leanas a thabhairt isteach sa chaibidil talmhaíochta den Ionstraim Aontachais maidir leis na cabhracha a chumhdaítear le hAirteagail 107 agus 108 CFAE.

Gan dochar do na nósanna imeachta a bhaineann le cabhair atá ann cheana dá bhforáiltear in Airteagal 108 CFAE, measfar faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas gur cabhair atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE scéimeanna cabhrach agus cabhair leithleach arna ndeonú do ghníomhaíochtaí atá nasctha le táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE a tháirgeadh, a phróiseáil agus a mhargú, amach ó tháirgí iascaigh agus táirgí arna ndíorthú uathu, arna gcur i gcrích i mBallstát nua roimh dháta an aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin:

- Cuirfear na bearta cabhrach in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais. Beidh sa chumarsáid sin faisnéis faoin mbunús dlí atá ag gach beart.

- Bearta cabhrach atá ann cheana agus pleananna chun cabhracha a dheonú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais, measfar go bhfuil siad curtha in iúl ar dháta an aontachais. Foilseoidh an Coimisiún liosta de chabhair den sórt sin.

- Measfar gur cabhair 'atá ann cheana' de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE na bearta cabhrach sin go dtí deireadh an tríú bliain tar éis an aontachais.

Modhnóidh Montainéagró na bearta cabhrach sin, nuair is gá, chun na treoirlínte arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún a chomhlíonadh faoi dheireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais ar a dhéanaí. Tar éis an dáta sin, measfar gur cabhair nua aon chabhair a fhaightear nach bhfuil ag luí leis na treoirlínte sin.

Tugann an tAontas dá aire, ar bhonn Airteagal 108 CFAE, go ndéanann an Coimisiún athbhreithniú leanúnach ar chórais uile na cabhrach atá ann cheana sna Ballstáit, agus gur féidir leis bearta iomchuí a mholadh, tráth ar bith, a bhfuil gá leo chun an margadh inmheánach a fhorbairt de réir a chéile nó a fheidhmiú. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún, tar éis dó fógra a thabhairt agus na barúlacha a chur isteach, nach bhfuil cabhair atá ann cheana ag teacht leis an margadh inmheánach nó go bhfuil mí-úsáid á baint aisti, cinnfidh sé go gcuirfidh an Stát lena mbaineann deireadh le cabhair nó go n-athróidh sé í laistigh de thréimhse fhorordaithe. Mura gcomhlíonfar an cinneadh sin ón gCoimisiún, déanfar an t-ábhar a tharchur go díreach chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire nach mór aghaidh a thabhairt ar shaincheist na **stoc táirgí talmhaíochta** atá á gcoinneáil i Montainéagró ar dháta an aontachais faoi dhá ghné éagsúla:

- stoic phoiblí a bheith á ngabháil ar láimh ag an Aontas agus
- láimhseáil stoc i saorchúrsaíocht, go háirithe i gcás ina sáraíonn na stoic sin leibhéal na ngnáthstoc a thugtar anonn.

Tugann an tAontas dá aire freisin, mar a tharla i bpróisis aontachais eile roimhe seo, gur cheart neamhaird a thabhairt ar stoic slándála náisiúnta don chleachtadh sin, agus é á chur san áireamh go bhféadfaí iad a choinneáil ar bun tar éis an aontachais.

Measann an tAontas gur cheart dó aon stoc poiblí atá á shealbhú ag Montainéagró ar dháta an aontachais agus a eascraíonn as a beartas tacaíochta margaidh Mhontainéagró a ghlacadh ar láimh ar an luach a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 3(1)(e) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 906/2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caiteachas idirghabhála poiblí. Níor cheart stoic phoiblí Mhontainéagró a bheith incháilithe ach amháin ar choinníoll go n-oibrítear idirghabháil phoiblí san Aontas don táirge lena mbaineann tráth an aontachais agus go gcomhlíonann na stoic sin ceanglais idirghabhála ábhartha an Aontais.

Is é tuairim an Aontais maidir le haon stoic (idir phríobháideach agus phoiblí) atá i saorchúrsaíocht ar dháta an aontachais i Montainéagró a théann thar an leibhéal is féidir a mheas mar ghnáthstoc atá le tabhairt anonn, ba cheart íocaíocht le buiséad an Aontais a ghearradh ar Mhontainéagró. Socrófar méid na híocaíochta ag leibhéal lena léirítear na costais a bhaineann le tionchair an bharrachais stoic ar mhargaí na dtáirgí talmhaíochta. Measann an tAontas thairis sin gur cheart leibhéal an bharrachais stoic a chinneadh do gach táirge ar leith le tréithe gach táirge agus na margaí ábhartha á gcur san áireamh mar aon le reachtaíocht de chuid an Aontais is infheidhme. Measann an tAontas gur cheart an Coimisiún a údarú chun na socruithe a leagtar amach thuas a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm.



PUBLIC

Maidir le **hidirbhearta amhantracha**, cuireann an tAontas i bhfios go láidir gur cheart déileáil ar bhealach réamhchúramach le haon suaitheadh a d'fhéadfadh a bheith sa mhargadh de bharr sraonadh trádála a eascraíonn as oibríochtaí mí-úsáideacha a shaothraíonn coinníollacha trádála éagsúla roimh an aontachas agus ina dhiaidh, trí bhearta iomchuí a dhéanamh roimh an aontachas más féidir.

Measann an tAontas gur cheart déileáil leis an tsaincheist sin trí fhorálacha sonracha a chur san áireamh maidir le bearta idirthréimhseacha, go háirithe trí rialacha a chur ar fáil maidir le hidirbhearta allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin atá ar siúl tráth an aontachais, agus maidir le cánachas ar shealbhóirí stoc barrachais nó, más iomchuí, bearta idirthréimhseacha comhchosúla arna nglacadh i ndáil le hearnálacha áirithe.

PUBLIC

**CBT — cineálacha idirghabhálacha (íocaíochtaí díreacha, idirghabhálacha earnála, forbairt tuaithe)**

Tugann an tAontas dá aire an iarraidh ó Mhontainéagró maidir leis an imchlúdach airgeadais le haghaidh íocaíochtaí díreacha.

Cuireann an tAontas in iúl go mbeidh leithdháiltí Mhontainéagró **le haghaidh íocaíochtaí díreacha**, agus le haghaidh **idirghabhálacha earnála agus forbairt tuaithe**, ina bpáirt de ghnéithe buiséadacha foriomlána Mhontainéagró agus go dtabharfar aghaidh orthu faoi Chaibidil 33 de *acquis* an Aontais, agus go mbeidh socruithe breise idirthréimhseacha le beartú má mheastar gur gá iad.

Maidir leis an gcúnamh airgeadais bliantúil ón Aontas le haghaidh cineálacha áirithe idirghabhálacha, atá le leithdháileadh i gcomhréir le hAirteagal 88(1) agus Iarscríbhinn VII de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tugann an tAontas dá aire go measann Montainéagró go ndéanfar é a ríomh ar bhonn na sonraí atá ann don tréimhse 2014- 2024 maidir leis an méid a leanas:

(a) an limistéar a bheidh cláraithe mar fhíonghoirt sa Chóras Aitheantais le haghaidh Dáileachtaí Talún lá aontachais Mhontainéagró leis an Aontas.

(b) sonraí ó Áireamh Talmhaíochta 2024 maidir leis an limistéar fíonghort faoi chineálacha fíonchaor.

(c) an táirgeadh fíona in aghaidh na bliana margaíochta.

Cuireann an tAontas in iúl go mbeidh leithdháiltí Mhontainéagró **le haghaidh idirghabhálacha earnála in earnáil an fhíona** ina bpáirt de ghnéithe foriomlána buiséadacha Mhontainéagró agus go dtabharfar aghaidh orthu faoi Chaibidil 33 de *acquis* an Aontais.

Tugann an tAontas dá aire go n- iarrann Montainéagró idirthréimhse chun an sciar íosta de ranníocaíocht iomlán an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) a leithdháiltear ar scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe faoi Airteagal 31 de Rialachán (AE) 2021/2115 a bhaint amach, agus sceideal beartaithe ann don mhéadú de réir a chéile a dhéanfar mar a leanas:

- 10 % i mbliain an aontachais,
- 15 % 1 bhliain amháin tar éis an aontachais,
- 20 % 2 bhliain tar éis an aontachais,
- 25 % 3 bliana tar éis an aontachais,

Measann an tAontas go bhfuil an iarraidh sin inghlactha, ach cuireann sé in iúl go bhféadfar an mhódúlacht deiridh cur chun feidhme a athbhreithniú, tráth aontachas Mhontainéagró, ar bhonn thoradh an phlé ar CBT tar éis 2027.

Tugann an tAontas dá aire iarrataí Mhontainéagró ar idirthréimhse chun Airteagal 96 de Rialachán (AE) 2021/2115 a chur chun feidhme i dtaca leis an uasteorainn 13 % le haghaidh tacaíocht ioncaim chúpláilte, sa chaoi go bhféadfaí suas le 30 % den mhéid iomlán a leithdháileadh ar feadh 3 bliana ó dháta an aontachais.

Measann an tAontas go bhfuil an iarraidh sin inghlactha, ach cuireann sé in iúl go bhféadfar an mhódúlacht deiridh cur chun feidhme a athbhreithniú, tráth aontachas Mhontainéagró, ar bhonn thoradh an phlé ar CBT tar éis 2027.

Tugann an tAontas dá aire go n- iarrann Montainéagró gur 3 %, seachas 5 % mar a shainmhínítear in Airteagal 92 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a bheidh sa rannpháirtíocht íosta i ranníocaíocht iomlán CETFT atá le forchoimeád do **LEADER**.

Measann an tAontas go bhfuil an iarraidh sin inghlactha, ach cuireann sé in iúl go bhféadfaí an mhódúlacht deiridh cur chun feidhme a athbhreithniú, tráth aontachas Mhontainéagró, ar bhonn thoradh an phlé ar CBT tar éis 2027.

Tugann an tAontas dá aire na hidirthréimhsí arna n- iarraidh ag Montainéagró chun na rialacha maidir le coinníollacht a thabhairt isteach de réir a chéile de bhun Airteagail 12 agus 13 de Rialachán (AE) 2021/2115 maidir leis na Ceanglais Reachtúla Bhainistíochta (CRB 1, 2, 3 agus 4) agus na 'dea- riochtaí talmhaíochta agus comhshaoil' (DRTC 2 agus 8) mar a liostaítear in Iarscríbhinn III iad, a mhéid a bhaineann leis na ceanglais nach mór d'fheirmeoirí a chomhlíonadh chun ceart a fháil íocaíochtaí díreacha a fháil i gcomhréir leis na rialacha coinníollachta, faoin sceideal seo a leanas:

- Ceanglais faoi DRTC 2 (bogach agus talamh portaigh a chosaint), bliain amháin ó dháta an aontachais.
- Ceanglais faoi DRTC 8 (an sciar íosta den limistéar talmhaíochta atá dírithe ar réimsí nó gnéithe neamhtháirgiúla), bliain amháin ó dháta an aontachais.
- Ceanglais faoi CRBanna 1, 2, 3 agus 4 (an comhshaol agus an t-athrú aeráide a mhéid a bhaineann le huisce, bithéagsúlacht agus tírdhreach), 3 bliana ó dháta an aontachais. Tá an méid sin gan beann ar an ailíniú le hoibleagáidí *acquis* an Aontais a mhéid a bhaineann leis na rialacháin lena mbaineann.

Measann an tAontas go bhfuil prionsabal an chéimnithe isteach sin inghlactha ós rud é go n- éascófaí leis bunú na coinníollachta i Montainéagró agus nach faide ná 3 bliana an idirthréimhse a iarradh. Cuireann an tAontas in iúl go bhféadfar an mhódúlacht deiridh cur chun feidhme a athbhreithniú, tráth aontachas Mhontainéagró, ar bhonn thoradh an phlé ar CBT tar éis 2027.



PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go n-  iarrann Montainéagró **limistéir a bhfuil srianta nádúrtha (agus srianta sonracha eile) orthu** a ainmniú ar a chríoch bunaithe ar an staidéar dar teideal *Study of areas with natural constraints in agriculture and calculation design (Preparation of Calculation)*, a rinneadh in 2017.

Measann an tAontas go bhfuil an iarraidh sin inghlactha.

**Comheagrú na Margaí**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil léirithe ag Montainéagró go bhfuil dul chun cinn leanúnach déanta aige maidir lena reachtaíocht a ailíniú leis an *acquis* i ndáil le comheagrú na margaí, ar fud na n-earnálacha uile, lena n-áirítear maidir le fíon, ola olóige, mil agus caighdeáin mhargaíochta. In earnáil an fhíona, is gearr go gcuirfear críoch le clár leictreonach fíonghort i gcomhréir le hAirteagal 145 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus rinneadh dul chun cinn maidir le deimhniú fíonta faoin gcóras ATFC/TGFC. Rinneadh dul chun cinn maidir le feabhas a chur ar an tuairisciú praghsanna agus ar shásraí trádála agus tugann an tAontas dá aire go bhfuil Montainéagró ag leanúint dá reachtaíocht a ailíniú a thuilleadh i réimsí eile, lena n-áirítear eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí idirchraoibhe, an scéim scoile agus aicmiú conablach. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé ailíniú iomlán le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 a bhaint amach faoi dháta an aontachais agus an acmhainneacht riaracháin is gá a áirithiú chun é a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú.

Tugann an tAontas dá aire go bhféadfaidh Montainéagró leas a bhaint as cistiú ón Aontas le haghaidh na scéime scoile, ó dháta an aontachais, darb aidhm feabhas a chur ar an dáileadh táirgí talmhaíochta agus ar nósanna itheacháin leanaí.

Tugann an tAontas dá aire an iarraidh ó Mhontainéagró go n-áireofaí táirge ar a dtugtar '**kajmak**' i gCuid III d'Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Measann an tAontas go bhfuil an iarraidh inghlactha.

Tugann an tAontas dá aire gur iarr Montainéagró cead a **limistéir fíonsaothrúcháin** a áireamh i bhFoscríbhinn I a ghabhann le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Cuireann an tAontas in iúl gur cheart an t-aicmiú i réigiúin fíonsaothrúcháin an Aontais a chinneadh ar bhonn sonraí agus critéar oibiachtúil roimh an aontachas chun deimhneacht dhlíthiúil a thabhairt do tháirgeoirí fíona i Montainéagró maidir le hoibríochtaí an tsaibhrithe agus an dí-aigéadaithe.

Aithníonn an tAontas go ndearna Montainéagró foráil maidir le sonraí cartagrafacha (léarscáil mhionsonraithe) le haghaidh gach ceann dá phríomhlimistéir fíonsaothrúcháin, lena ngabhann sonraí iomlána aeráideolaíochta, meánteochtaí míosúla, innéacsanna bith-aeráide a d'fhéadfadh a bheith ann, airde na bhfíonghort, a ndomhanleithead, cion siúcra agus aigéadachta an úrfhíona agus an neart alcóil íosta nádúrtha ar feadh tréimhse 10 mbliana ar a laghad. Tá an iarraidh bunaithe ar mheasúnú oibiachtúil, a bhfuil bonn maith eolaíoch leis, ar chriosú na limistéar táirgthe geografach fíonsaothraithe, lena dtugtar aird ar thosca ithreach, aeráide agus ar thosca eile a bhaineann leis an gcoincheap '*terroir*', lena n-áirítear an ithir, an aeráid, an tírdhreach, an bhithéagsúlacht agus idirghníomhaíocht an mhéid sin le cleachtais fheidhmeacha fíonghort agus fhíoneolaíocha.

Tugann an tAontas dá aire, ar bhonn na faisnéise a chuir Montainéagró ar fáil, gur féidir a mheas go bhfuil an iarraidh go gceadófaí limistéir fíonsaothrúcháin Mhontainéagró a áireamh i bhFoscríbhinn I a ghabhann le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle inghlactha mar a leanas:

i gcrios fíonsaothrúcháin B:

- I Montainéagró, na limistéir a bhfuil fíniúnacha curtha i réigiún Nudo.

i gcrios fíonsaothrúcháin CII:

- I Montainéagró, na limistéir a bhfuil fíniúnacha curtha sna fo-réigiúin seo a leanas:

  i réigiún Crnogorski basen Skadarskog jezera: Crmnica, Podgorički, Bjelopavlići, Riječka nahija, Katunska nahija, Kuči, Piperi.

  i réigiún Crnogorsko primorje: Ulcinj, Boka Kotorska, Bar-Budva.

Cuireann an tAontas in iúl nach liostaítear i bhFoscríbhinn 1 a ghabhann le hIarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ach criosanna fíonsaothrúcháin sna Ballstáit ina dtáirgtear fíon tráchtála.

Tugann an tAontas dá aire liosta na g**cineálacha fíonchaor** arna n-aicmiú ag Montainéagró chun Airteagal 81 agus Airteagal 120(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur i bhfeidhm. De réir Airteagal 50(1)(g) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2018/273 ón gCoimisiún, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi na cineálacha fíonchaor lena mbaineann cur i bhfeidhm Airteagal 81 agus Airteagal 120(2)(b) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013. I gcomhréir le hAirteagal 51(2) de Rialachán (AE) 2018/273, foilseoidh an Coimisiún liosta na gcineálacha fíonchaor arna n-aicmiú ag Montainéagró.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil sé ar intinn ag Montainéagró cosaint a lorg do na **téarmaí traidisiúnta fíonta** seo a leanas trí ainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó trí thásc geografach faoi chosaint, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún.

- 'arhivsko vino' (fíon sárbhliana)
- 'rezervisano' (fíon cúltaisce)
- '*probirna berba*' (buaint roghnaíoch)

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró iarratas a chur faoi bhráid an Choimisiúin ar chosaint na dtéarmaí traidisiúnta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos i gCaibidil III de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 21 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/34 ón gCoimisiún.

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil Montainéagró ag súil go ndéanfar athruithe ar Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hainm an stáit i gcomhréir leis an athrú ar stádas stáit Mhontainéagró an 21 Bealtaine 2006.

**Beartas cáilíochta**

Tugann an tAontas dá aire go bhfuil a reachtaíocht á hailíniú leis an *acquis* sa réimse seo ag Montainéagró i gcónaí. Tugann an tAontas dá aire freisin gur ghlac Montainéagró rialacha náisiúnta maidir le hainmneacha a chlárú mar ainmniúcháin tionscnaimh, mar thásca geografacha nó mar shainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht nó mar théarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta. Tá 12 ainm talmhaíochta faoi chosaint ar an leibhéal náisiúnta faoi láthair. Creidiúnaíodh an comhlacht náisiúnta deimhniúcháin Monteorganica i mí na Bealtaine 2024 i gcomhréir le caighdeán MEST EN ISO/IEC 17065:2020. Leanfaidh Montainéagró dá ghníomhaíochtaí darb aidhm ailíniú iomlán a dhéanamh agus a fhorfheidhmiú agus a rialuithe a neartú a thuilleadh chun tásca geografacha a chosaint.

PUBLIC

Tugann an tAontas dá aire go n-iarrann Montainéagró cead **na hainmniúcháin tionscnaimh agus na tásca geografacha** atá faoi chosaint in earnáil an fhíona de réir nós imeachta náisiúnta Mhontainéagró a áireamh, agus iad a thaifeadadh i gClár leictreonach an Choimisiúin Eorpaigh (e-Ambrosia) i gcomhréir le hAirteagal 22 de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle mar a leanas: TGFC 'Crnogorski basen Skadarskog jezera'; ATFC 'Crmnica'; ATFC 'foréigiún Podgorički'; ATFC 'Bjelopavlići'; ATFC 'Riječka nahija'; ATFC 'Katunska nahija'; ATFC 'Kuči'; ATFC 'Piperi'; TGFC 'Crnogorsko primorje'; ATFC 'Ulcinj'; ATFC 'Boka Kotorska'; ATFC 'Bar-Budva' agus ATFC 'Nudo'.

Iarrann an tAontas go dtabharfaí an próiseas clárúcháin faoi Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i gcrích.

Iarrann an tAontas ar Mhontainéagró na hiarratais a chur isteach maidir le hainmneacha thuasluaite na n-ainmniúchán tionscnaimh agus na dtásc geografach atá faoi chosaint cheana féin i Montainéagró a chlárú mar ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint agus mar thásca geografacha faoi chosaint faoi Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Féadfaidh Montainéagró iarratais a chur isteach i gcomhréir le hAirteagal 14(2) tráth nach déanaí ná dáta an aontachais.

Tugann an tAontas dá aire go soiléireoidh Montainéagró roimh an aontachas cé na téarmaí traidisiúnta atá le húsáid le haghaidh gach ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint.

Cuireann an tAontas in iúl, i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 92 de Rialachán (AE) 2024/1143, go bhféadfaidh cosaint náisiúnta na dtásc geografach agus na n-ainmniúchán tionscnaimh arb ann dóibh ar dháta aontachas Mhontainéagró leis an Aontas leanúint ar aghaidh go ceann 12 mhí ón dáta sin. Tráth nach déanaí ná 12 mhí tar éis lá an aontachais leis an Aontas, féadfaidh Montainéagró na tásca geografacha agus na hainmniúcháin tionscnaimh sin atá faoi chosaint náisiúnta a chur isteach lena gclárú ar leibhéal an Aontais. I gcás ina gcuirfear iarratas ar chlárú ar aghaidh chuig an gCoimisiún faoi dheireadh na tréimhse thuasluaite, tiocfaidh deireadh leis an gcosaint náisiúnta sin ar an dáta a dhéanfar an cinneadh maidir le clárú (nó, i gcás ina ndiúltófar an t-iarratas, go dtí go mbeidh triail bainte as gach leigheas breithiúnach). Is ar Mhontainéagró amháin a bheidh an fhreagracht as iarmhairt na cosanta náisiúnta sin, i gcás nach gcláraítear ainm ar leibhéal an Aontais. Cuireann an tAontas in iúl nach mór do Mhontainéagró a áirithiú, ó dháta a aontachais leis an Aontas, go gcosnófar na tásca geografacha, na hainmniúcháin tionscnaimh agus na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht arna gclárú ar leibhéal an Aontais.

**Feirmeoireacht orgánach**

Tugann an tAontas dá aire go ndearna Montainéagró a reachtaíocht a ailíniú a thuilleadh leis an *acquis* i réimse na feirmeoireachta orgánaí, go háirithe le Rialachán (AE) 2018/848 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Déanann Monteorganica rialú agus deimhniú sa talmhaíocht orgánach i gcomhréir le ceanglais chaighdeán MEST EN ISO/IEC 17065: 2020. Ina theannta sin, creidiúnaíodh dhá shaotharlann chun anailísí a dhéanamh i dtaca le táirgeadh orgánach. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeidh córas rialaithe éifeachtúil ag an bhfeirmeoireacht orgánach, lena n-áirítear maoirseacht arna déanamh ag údarás inniúil a bheidh i bhfeidhm tráth aontachas Mhontainéagró leis an Aontas.

* * *

PUBLIC

I bhfianaise an mhéid a luaitear thuas, tugann an tAontas dá aire nach gá tuilleadh caibidlíochta a dhéanamh faoin gcaibidil seo ag an bpointe seo.

Cuireann an tAontas in iúl go dtabharfaidh sé aird ar leith ar fhaireachán a dhéanamh ar na saincheisteanna sonracha uile a luaitear thuas d'fhonn a áirithiú go ndéanfar neartú breise ar chumas riaracháin Mhontainéagró agus ar a chumas an *acquis* sa chaibidil seo a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú, go háirithe maidir leis an ngníomhaireacht íocaíochta, CCRR, Comheagrú na Margaí agus idirghabhálacha uile CBT. Leagann an tAontas béim ar a thábhachtaí atá an iarracht leanúnach inbhuanaithe nach mór a dhéanamh chun go mbeifear go hiomlán comhlíontach faoi thráth an aontachais. Ní mór aird ar leith a thabhairt ar na naisc idir an chaibidil seo agus caibidlí caibidlíochta eile. Ní anois ach ag céim is faide anonn sa chaibidlíocht a bheifear in ann an measúnú deiridh a dhéanamh ar chomhréireacht reachtaíocht Mhontainéagró leis an acquis agus ar a indéanta a bheidh sé an reachtaíocht sin a chur chun feidhme. Sa bhreis ar an bhfaisnéis uile a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ón Aontas le haghaidh na caibidlíochta sa chaibidil seo, agus atá le cur ar fáil don Chomhdháil, iarrann an tAontas ar Mhontainéagró faisnéis mhionsonraithe i scríbhinn a chur ar fáil go rialta don Chomhairle Cobhsaíochta agus Comhlachais maidir leis an dul chun cinn i dtaobh chur chun feidhme an acquis.

I bhfianaise na mbreithnithe uile thuas, fillfidh an tAontas, más gá, ar an gcaibidil seo tráth is iomchuí.

Tugann an tAontas dá aire go nglacann Montainéagró, sna seasaimh chaibidlíochta AD 2/16 CONF-ME 2 agus AD 19/25 CONF-ME 6 uaidh, an *acquis* faoi Chaibidil 11 mar atá i bhfeidhm ón 1 Meán Fómhair 2025. Thairis sin, tugann an tAontas dá aire go ndearbhaíonn Montainéagró go leanfaidh sé den phróiseas ailínithe leis an acquis agus go mbeidh sé faoi réir le haghaidh chur chun feidhme an *acquis* faoi dháta a aontachais leis an Aontas Eorpach, agus roinnt iarrataí á ndéanamh aige le haghaidh bearta idirthréimhseacha agus maoluithe ag an am céanna.

Thairis sin, meabhraítear don Aontas go bhféadfadh *acquis* nua bheith sa chaibidil seo idir an 1 Meán Fómhair 2025 agus dáta an aontachais.

**DRÉACHT - LEASUITHE DLÍTHIÚLA A EASCRAÍONN AS AN gCOMHSHEASAMH ÓN AONTAS EORPACH**

**Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht Mhontainéagró agus na n-oiriúnuithe ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, ar an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach**

AIRTEAGAL [XX]

Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, na hoiriúnuithe a dhéanamh ar na forálacha den Ionstraim seo a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta a d'fhéadfadh a bheith riachtanach mar thoradh ar leasú ar rialacha an Aontais, lena n-áirítear rialacha nua a ghlacadh. Déanfar na hoiriúnuithe sin roimh dháta an aontachais.

AIRTEAGAL [XX]

Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann cheana i Montainéagró go dtí an córas a leanann ó chur i bhfeidhm an chomhbheartais talmhaíochta faoi na coinníollacha a leagtar amach san Ionstraim seo, glacfaidh an Coimisiún na bearta sin i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 229(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle[1] i gcomhar le hAirteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún[2] nó i gcomhréir leis an nós imeachta ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme é. Féadfar na bearta idirthréimhseacha dá dtagraítear san Airteagal seo a ghlacadh faoi thréimhse 3 bliana ó dháta an aontachais agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an tréimhse sin. Féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis di dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, an tréimhse sin a fhadú.

---

1 IO L 347, 20.12.2013, lch. 671
2 IO L 55, 28.2.2011, lch. 13



PUBLIC

Féadfar na bearta idirthréimhseacha dá bhforáiltear sa chéad mhír a ghlacadh roimh dháta an aontachais freisin, más gá. Glacfaidh an Chomhairle bearta mar sin ag gníomhú di trí thromlach cáilithe ar thogra ón gCoimisiún nó, i gcás ina ndéanfaidh siad difear d'ionstraimí arna nglacadh i dtosach ag an gCoimisiún, is é an Coimisiún a ghlacfaidh iad i gcomhréir leis na nósanna imeachta is gá chun na hionstraimí atá i gceist a ghlacadh.

PUBLIC

**Liosta dá dtagraítear in Airteagal [xx] den Ionstraim Aontachais: oiriúnuithe ar ghníomhartha arna nglacadh ag na hinstitiúidí**

[X.] **TALMHAÍOCHT**

PUBLIC

32013R1308: **Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle, (IO L 347, 20.12.2013, lgh. 671-854)

(a) Leasaítear Iarscríbhinn VII mar a leanas:

a. In Iarscríbhinn III, cuirtear an méid seo a leanas le pointe 2:

‘(xvii) kajmak;’

b. Leasaítear Foscríbhinn I mar a leanas:

i. Cuirtear an méid seo a leanas le pointe (2):

‘(i) i Montainéagró, na limistéir a bhfuil fíniúnacha curtha i réigiún Nudo’

ii. Cuirtear an méid seo a leanas le pointe (4):

‘(h) i Montainéagró, na limistéir a bhfuil fíniúnacha curtha sna fo-réigiúin seo a leanas:

- i réigiún Crnogorski basen Skadarskog jezera: Crmnica, Podgorički, Bjelopavlići, Riječka nahija, Katunska nahija, Kuči, Piperi;
- i réigiún Crnogorsko primorje: Ulcinj, Boka Kotorska, Bar-Budva.’

32021R2115: **Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lgh. 1-186):

(a) In Airteagal 92, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'3. Le haghaidh Mhontainéagró, forchoimeádfar 3 % ar a laghad de ranníocaíocht CETFT leis an bPlean Straitéiseach CBT, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XI, do LEADER.

Ar feadh thréimhse iomlán Phlean Straitéisigh CBT Mhontainéagró, ní sháróidh caiteachas iomlán CETFT ar fhorbairt tuaithe, nach caiteachas ar LEADER é, mar a bhunaítear sa phlean airgeadais i gcomhréir le hAirteagal 112(2), pointe (a), 97 % de ranníocaíocht iomlán CETFT leis an bPlean Straitéiseach CBT mar a leagtar amach in Iarscríbhinn XI. A luaithe a bheidh an uasteorainn airgeadais sin formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 118 nó le hAirteagal 119, uasteorainn airgeadais arna socrú le dlí an Aontais a bheidh inti.'

(b) In Airteagal 96(2), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'I gcás Mhontainéagró agus do na chéad 3 bliana éilimh tar éis an aontachais, * beidh sé teoranta d'uasmhéid 30 % den mhéid a leagtar amach do Mhontainéagró in Iarscríbhinn IX.'

**ag brath ar dháta beacht an aontachais, ní mór na blianta éilimh a shainiú sa téacs críochnaitheach.*



PUBLIC

(c) In Airteagal 97, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

'1a. De mhaolú ar mhír 1, forchoimeádfar an céatadán seo a leanas de na leithdháiltí a leagtar amach in Iarscríbhinn IX le haghaidh Mhontainéagró le haghaidh na n-éiciscéimeanna dá dtagraítear i bhForoinn 4 de Roinn 2 de Chaibidil II de Theideal III:

- 10 % ar a laghad den leithdháileadh do bhliain féilire aontachas Mhontainéagró
- 15 % ar a laghad den leithdháileadh don chéad bhliain féilire tar éis bhliain féilire aontachas Mhontainéagró
- 20 % ar a laghad den leithdháileadh don dara bliain féilire tar éis bhliain féilire aontachas Mhontainéagró'

(d) In Airteagal 118(1), cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach:

'Cuirfidh Montainéagró togra faoi bhráid an Choimisiúin le haghaidh Plean Straitéiseach CBT, ina mbeidh an t-inneachar dá dtagraítear in Airteagal 107, tráth nach déanaí ná [ll.mm.bb].'

(e) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

a. San iontráil le haghaidh 'GAEC 2', cuirtear an fonóta seo a leanas léi:

'1a Féadfaidh Montainéagró foráil a dhéanamh ina Phlean Straitéiseach CBT nach mbeidh an iontráil GAEC sin infheidhme ach amháin ón mbliain éilimh* tar éis bhliain an aontachais. Sa chás sin, léireoidh Montainéagró gur gá an mhoill chun an córas bainistíochta a bhunú i gcomhréir le pleanáil mhionsonraithe.'



PUBLIC

b. Sna hiontrálacha le haghaidh ‘CRB 1’, ‘CRB 2’, ‘CRB 3’ agus CRB 4’, cuirtear an fonóta seo a leanas isteach:

‘1a Féadfaidh Montainéagró foráil a dhéanamh ina Phlean Straitéiseach CBT nach mbeidh an iontráil CRB sin infheidhme ach amháin ón tríú bliain éilimh* tar éis bhliain an aontachais. Sa chás sin, léireoidh Montainéagró gur gá an mhoill chun an córas bainistíochta a bhunú i gcomhréir le pleanáil mhionsonraithe.’

c. San iontráil le haghaidh ‘GAEC 8’, cuirtear an fonóta seo a leanas léi:

‘1a Féadfaidh Montainéagró foráil a dhéanamh ina Phlean Straitéiseach CBT nach mbeidh an iontráil GAEC sin infheidhme ach amháin ón mbliain éilimh* tar éis bhliain an aontachais. Sa chás sin, léireoidh Montainéagró gur gá an mhoill chun an córas bainistíochta a bhunú i gcomhréir le pleanáil mhionsonraithe.’

**ag brath ar dháta beacht an aontachais, ní mór an bhliain éilimh a shainiú sa téacs críochnaitheach.*

PUBLIC

IARSCRÍBHINN [XX]

**Liosta dá dtagraítear in Airteagal [XX] den Ionstraim Aontachais: forálacha buana eile**

## [X.] **TALMHAÍOCHT**

### (a) An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal III, Talmhaíocht agus Iascach

1. Glacfaidh an tAontas ar láimh aon stoc poiblí atá á shealbhú ag Montainéagró ar dháta an aontachais agus a eascraíonn as a beartas tacaíochta margaidh ar an luach a eascraíonn as cur i bhfeidhm Airteagal 3(1)(e) de Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 906/2014 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caiteachas idirghabhála poiblí[3]**.** Ní ghlacfar na stoic sin ar láimh ach ar choinníoll go ndéanfar idirghabháil phoiblí san Aontas ar dháta an aontachais do na táirgí i dtrácht agus go gcomhallfaidh na stoic ceanglais idirghabhála an Aontais.

2. I gcás aon stoic, bíodh sé príobháideach nó poiblí, atá i saorchúrsaíocht ar dháta an aontachais i Montainéagró a théann thar an leibhéal is féidir a mheas mar ghnáthstoc le tabhairt anonn, déanfar íocaíocht do bhuiséad an Aontais a ghearradh ar Mhontainéagró.

   Socrófar méid na híocaíochta ag leibhéal lena léirítear na costais a bhaineann le tionchair an bharrachais stoic ar mhargaí na dtáirgí talmhaíochta.

   Ba cheart leibhéal an bharrachais stoic a chinneadh do gach táirge ar leith le tréithe gach táirge agus na margaí ábhartha á gcur san áireamh mar aon le reachtaíocht an AE is infheidhme.

[3] IO L 255, 28.8.2014, lgh. 1–17 agus IO L 347, 20.12.2013, lgh. 549–607

3. Déanfar na stoic dá dtagraítear i mír 1 a asbhaint ón gcainníocht a théann thar an ngnáthstoc le tabhairt anonn.

4. Déanfaidh an Coimisiún na socruithe a leagtar amach i míreanna 1 go 3 a chur chun feidhme agus a chur i bhfeidhm i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 103 de Rialachán (AE) 2021/2116 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 maidir leis an gcomhbheartas talmhaíochta a mhaoiniú, a bhainistiú agus faireachán a dhéanamh air nó,[4] de réir mar is iomchuí, i gcomhréir leis na nósanna imeachta dá dtagraítear in Airteagail 19 agus 20 de Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle[5] nó an nós imeachta coiste ábhartha mar a chinntear sa reachtaíocht is infheidhme.

(b) **An Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, Cuid a Trí, Teideal VII, Caibidil 1, Rialacha Iomaíochta**

Gan dochar do na nósanna imeachta a bhaineann le cabhair atá ann cheana dá bhforáiltear in Airteagal 108 CFAE, measfar faoi réir an choinníll seo a leanas gur cabhair atá ann cheana de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE scéimeanna cabhrach agus cabhair leithleach arna ndeonú do ghníomhaíochtaí atá nasctha le táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE a tháirgeadh agus a mhargú, amach ó tháirgí iascaigh agus táirgí arna ndíorthú uathu, arna gcur i gcrích sa Bhallstát nua roimh dháta an aontachais agus atá fós infheidhme tar éis an dáta sin:

– cuirfear na bearta cúnaimh in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais. Beidh sa chumarsáid sin faisnéis faoin mbunús dlí atá ag gach beart. Bearta cabhrach atá ann cheana agus pleananna chun cabhracha a dheonú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh dháta an aontachais, measfar go bhfuil siad curtha in iúl ar dháta an aontachais. Foilseoidh an Coimisiún liosta de chabhracha den sórt sin.

4 IO L 435, 6.12.2021, p.187-261
5 IO L 347, 20.12.2013, lch. 671

Measfar gur cabhair 'atá ann cheana' de réir bhrí Airteagal 108(1) CFAE na bearta cabhrach sin ar feadh tréimhse 3 bliana ó dháta an aontachais.

Modhnóidh Montainéagró na bearta cabhrach sin, nuair is gá, chun na treoirlínte arna gcur i bhfeidhm ag an gCoimisiún a chomhlíonadh faoi dheireadh an tríú bliain tar éis dháta an aontachais ar a dhéanaí. Tar éis an dáta sin, measfar gur cabhair nua aon chabhair a fhaightear nach bhfuil ag luí leis na treoirlínte sin.

PUBLIC

IARSCRÍBHINN []

**Liosta dá dtagraítear in Airteagal [] den Ionstraim Aontachais: Bearta idirthréimhseacha**

[X.] **TALMHAÍOCHT**

32024R1143: **Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 (IO L, 2024/1143, 23.4.2024, lch. 66).

PUBLIC

In Airteagal 92, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘3. I gcás Ballstáit aontaigh nua, scoirfidh an chosaint náisiúnta do thásca geografacha a bheidh ann ar dháta a aontachais an [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na hIonstraime Aontachais].

Go dtí an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ceadaítear don Bhallstát aontach nua iarratais ar chlárú na dtásc geografach uile atá faoi chosaint cheana faoin dlí náisiúnta a chur faoi bhráid an Choimisiúin, gan Airteagal 10 den Rialachán seo a chur i bhfeidhm.

I gcás ina gcuirtear iarratas dá dtagraítear sa dara fomhír faoi bhráid an Choimisiúin, tiocfaidh deireadh leis an gcosaint náisiúnta ar an dáta a ndéanfar cinneadh maidir le clárú faoi Airteagal 21 den Rialachán seo. I gcás ina ndiúltófar don iarratas ar chlárú, leanfar den chosaint náisiúnta go dtí go mbeidh na leighis bhreithiúnacha uile ídithe, más ábhartha.

I gcás nach mbeidh ainm cláraithe faoin Rialachán seo ag deireadh an phróisis dá dtagraítear sa mhír seo, is ar an mBallstát lena mbaineann amháin a bheidh an fhreagracht as iarmhairtí na cosanta náisiúnta sin. I gcás inarb iomchuí, nuair a bheidh deireadh leis an gcosaint náisiúnta, iarrfaidh an Ballstát lena mbaineann, gan mhoill, cealú chlárú an táisc gheografaigh chomhfhreagraigh sin i gClár Idirnáisiúnta an Bhiúró Idirnáisiúnta.'

32019R1753: **Rialachán (AE) 2019/1753 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle** an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le gníomhaíocht an Aontais tar éis a aontachais le hIonstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (IO L 271, 24.10.2019, lgh. 1-11)

Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

**Airteagal 11a**

**Forálacha idirthréimhseacha maidir le hainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha de thionscnamh Ballstáit aontaigh nua ar baill d'Ionstraim na Ginéive iad**

'1. Na Ballstáit a d'aontaigh don Aontas tar éis dóibh aontú d'Ionstraim na Ginéive, ainmneoidh siad an Coimisiún nó Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, ina gcáil faoi seach, mar an t- aon údarás inniúil amháin dá dtagraítear in Airteagal 3 d'Ionstraim na Ginéive.

2. I leith gach ainmniúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh de thionscnamh Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 agus atá cláraithe sa Chlár Idirnáisiúnta, le haghaidh táirge a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) 2024/1143 nó Rialachán (AE) 2023/2411, ach nach bhfuil cosanta faoi aon cheann de na Rialacháin sin, déanfaidh an Ballstát lena mbaineann, ar bhonn iarraidh ó dhuine nádúrtha nó ó eintiteas dlítheanach dá dtagraítear i bpointe (ii) d'Airteagal 5(2) d'Ionstraim na Ginéive nó ó thairbhí mar a shainmhínítear i bpointe (xvii) d'Airteagal 1 d'Ionstraim na Ginéive, nó ar a thionscnamh féin, cinneadh a dhéanamh ceann de na nithe seo a leanas a iarraidh:



PUBLIC

(a) clárú an ainmniúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh sin faoin Rialachán lena mbaineann; nó

(b) clárú an ainmniúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh sin sa Chlár Idirnáisiúnta a chealú.

Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an rogha dá dtagraítear sa chéad fhomhír, agus déanfaidh siad an iarraidh faoi seach a thaisceadh, faoin [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm na hIonstraime Aontachais].

Sna cásanna dá dtagraítear i bpointe (a) den chéad fhomhír, bainfidh an t-iarratas ar chlárú le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint nó le tásc geografach faoi chosaint atá comhionann leis an ainmniúchán tionscnaimh nó leis an tásc geografach atá cláraithe sa Chlár Idirnáisiúnta.

Mura gcuirtear aon iarratas ar chlárú isteach laistigh den sprioc-am nó má dhiúltaítear an t-iarratas ar chlárú faoin Rialachán is infheidhme agus má tá na leigheasanna riaracháin agus breithiúnacha gaolmhara ídithe, iarrfaidh an Ballstát lena mbaineann, gan mhoill, cealú chlárú an ainmniúcháin tionscnaimh nó an táisc gheografaigh sin sa Chlár Idirnáisiúnta.'

PUBLIC